Mairg duine do chaill a ghuth

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 36, p. 248]

A ughdar so Donnchadh Mór Ó Leamhnacht

1 Mairg duine do chaill a ghuth,
agus ’gá bhfuil sruth do dhán,
agus nach fhéad gabháil leó,
agus nach eól bheith ’na thámh.

2 Agus nach seinn cor ná port,
agus nach gabh gan locht laoidh,
agus nach sguir dá chruit bhinn,
agus nach seinn mar as mian(?).

3 Is mairg nach sguir dá dhring drang,
agus do-*ní* rann do rádh,
agus nach cluintear a chruit,
agus nach tuigthear a dhán.

4 ’S mairg nach tabhair tóidh dá chéill,
is nach congbhann é féin slán;
is mairg do-bheir treas go tric
ar an mheas nach rig a lámh.

5 Dá mbeith mo mhian annsan mheas,
nach soichinn do dhreap go h-ard,
do ghearrfainn an crann fá bhun,
gé bé neach ara gcuir mairg.   Mairg.